

GA
IARSCRÍBHINN II

**TUAIRISCIÚ AR AN ÍOSCHEANGLAS LE hAGHAIDH CISTÍ DÍLSE AGUS
DLITEANAIS INCHÁILITHE – TREORACHA**

CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA

1. Struchtúr agus coinbhinsiúin

1.1. Struchtúr

1. Tá ceithre ghrúpa teimpléad sa chreat seo chun tuairisciú ar ICDI agus TLAC:
 - (a) méideanna: príomh-mhéadracht ICDI agus TLAC;
 - (b) comhdhéanamh agus aibíocht;
 - (c) rangú creidiúnaithe;
 - (d) faisnéis a bhaineann go sonrach le conarthaí.
2. Cuirtear tagairtí dlí ar fáil i gcás gach teimpléid. Áirítear sa Chuid seo faisnéis mhionsonraithe bhreise faoi ghnéithe níos ginearálta den tuairisciú ar gach tacar teimpléad agus treoracha maidir le suíomhanna sonracha.

1.2. Gnás uimhriúcháin

3. Sa doiciméad seo, leantar an gnás lipéadaithe a leagtar amach i bpointí (a) go (d) nuair a thagraítear do cholúin, do rónna agus do chealla na dteimpléad. Úsáidtear na cóid uimhriúla sin go forleathan sna rialacha maidir le bailíochtú mar a shainítear i gcomhréir le hIarscríbhinn III.
 - (a) leantar an nodaireacht ghinearálta seo a leanas: {Teimpléad;Ró;Colún};
 - (b) i dtagairtí laistigh de theimpléad, ní áirítear léiriú ar an teimpléad: {Ró;Colún};
 - (c) i gcás teimpléid nach bhfuil ach aon cholún amháin iontu, ní thagraítear ach do na rónna: {Teimpléad;Ró};
 - (d) úsáidtear comhartha réiltín chun a chur in iúl go gcumhdaítear leis an tagairt na rónna nó na colúin a sonraíodh cheana.

1.3. Gnás maidir le comharthaí

4. Déanfar aon mhéid a mhéadaíonn na cistí dílse agus dliteanais incháilithe, na méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca, tomhas neamhchosanta an chóimheasa gearála nó na ceanglais a thuairisciú mar fhigiúr deimhneach. Os a choinne sin, déanfar aon mhéid a laghdaíonn na cistí dílse agus na dliteanais incháilithe, na méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca, tomhas

neamhchosanta an chóimheasa gearála nó na ceanglais a thuairisciú mar fhigiúr diúltach. I gcás ina bhfuil comhartha diúltach (-) roimh lipéad ítime, ní bheidh coinne leis go dtuairisceofar figiúr deimhneach le haghaidh na hítime sin.

1.4. Giorrúcháin agus sainmhínithe

5. Tá feidhm ag na giorrúcháin agus na sainmhínithe seo a leanas chun críocha na nIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo:
 - (a) tagraíonn ‘ICDI’ don íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe de bhun Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE;
 - (b) tagraíonn ‘TLAC’ do na ceanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIInna) de bhun Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (c) tagraíonn ‘TLAC inmheánach’ don cheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna neamh-AE de bhun Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (d) tagraíonn ‘ICDI inmheánach’ don ICDI a chuirtear i bhfeidhm ar eintitis nach eintitis réitigh iad de bhun Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE;
 - (e) ciallaíonn ‘méid réamhcheada nár úsáideadh’ an méid a chumhdaítear le réamhchead ionstraimí cistí dílse a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach i gcomhréir le hAirteagal 78 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nó ionstraimí dliteanas incháilithe a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach i gcomhréir le hAirteagal 78a den Rialachán sin, de réir mar is infheidhme, a mhéid nár úsáid an t-eintiteas tuairiscithe an méid sin go fóill chun ionstraimí a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach. I gcás inar cead *ad hoc* é an cead agus ina dtagraíonn sé d’ionstraimí inghlaoite i gcás nach dtugtar dóthain cinnteachta go bhforghníomhófar an chéadrogha ar cheannach, ní áireofar aon ionstraim den sórt sin i méid an réamhcheada nár úsáideadh;
 - (f) ciallaíonn ‘méid cead *ad hoc* nár úsáideadh’ an méid a chumhdaítear le réamhchead *ad hoc* ionstraimí cistí dílse sonracha a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach i gcomhréir le hAirteagal 78(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcomhar le hAirteagal 28(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 ón gCoimisiún¹ nó ionstraimí dliteanas incháilithe sonracha a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach i gcomhréir le hAirteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcomhar le hAirteagal 32b(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014, de réir mar is infheidhme, a mhéid nár úsáid an t-eintiteas tuairiscithe an méid sin go fóill chun na hionstraimí sin a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach. I gcás ina dtagraíonn an cead d’ionstraimí inghlaoite i gcás nach dtugtar dóthain cinnteachta go bhforghníomhófar an chéadrogha ar cheannach, ní áireofar aon ionstraim den sórt sin i méid an réamhcheada nár úsáideadh.

¹ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i leith ceanglais Cistí Dílse le haghaidh institiúidí (IO L 74, 14.3.2014, Ith. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/241/oj).

- (g) ciallaíonn ‘méid ceada ghinearálta nár úsáideadh’ nó ‘méid RCG nár úsáideadh’ an méid a chumhdaítear le réamhchead ionstraimí cistí dílse a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach i gcomhréir le hAirteagal 78(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcomhar le hAirteagal 28(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 nó ionstraimí dliteanas incháilithe a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach i gcomhréir le hAirteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcomhar le hAirteagal 32b(3) agus (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014, de réir mar is infheidhme, a mhéid nár úsáid an t-eintiteas tuairiscithe an méid sin go fóill chun na hionstraimí sin a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach.

CUID II TREORACHA A BHAINNEANN LE TEIMPLÉID

1. Méideanna: M 01.00 – Príomh-mhéadracht le haghaidh ICDI agus TLAC (KM2)

1.1. Barúlacha ginearálta

6. An colún ina ndéantar tagairt don íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI), déanfaidh eintitis atá faoi réir an íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe é a líonadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 45e de Threoir 2014/59/AE. Is iad na heintitis sin atá faoi oibleagáid an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, agus na heintitis sin amháin, a thuairisceoidh ítimí a thagraíonn don cheanglas G-SII le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC).

1.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<u>An t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI)</u> Airteagail 45 agus 45e de Threoir 2014/59/AE
0020	<u>Ceanglas ar G-SIIInna le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC)</u> Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0100 - 0120	<u>Méid na neamhchosanta iomláine ar riosca agus tomhas na neamhchosanta iomláine</u>
0100	<u>Méid na neamhchosanta iomláine ar riosca (TREA)</u> Airteagal 45(2), pointe (a), de Threoir 2014/59/AE, Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Is éard a bheidh i méid na neamhchosanta iomláine ar riosca a thuairisceofar sa ró seo méid na neamhchosanta iomláine ar riosca atá ina bhonn le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme.
0110	<u>Tomhas na neamhchosanta iomláine (TEM)</u> Airteagal 45(2), pointe (b), de Threoir 2014/59/AE, Airteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Is éard a bheidh i dtomhas na neamhchosanta iomláine a thuairisceofar sa ró seo tomhas na neamhchosanta iomláine atá mar bhonn le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme.

0200 - 0230	<u>Cistí dílse agus dliteanais incháilithe</u>
0200	<p><u>Cistí dílse agus dliteanais incháilithe</u></p> <p><i>ICDI</i></p> <p>Déanfar méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirfear san áireamh le haghaidh ICDI a thuairisciú mar shuim na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (i) cistí dílse mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (118), agus Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; (ii) ‘dliteanais incháilithe’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (71a), de Threoir 2014/59/AE. <p>I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Is éard a bheidh i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirtear san áireamh le haghaidh cheanglas G-SII le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC) an méid dá dtagraítear in Airteagal 72l de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arb é a bheidh ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> (i) cistí dílse mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (118), agus Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; (ii) dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72k de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0210	<p><u>Ina measc: cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe</u></p> <p>Tuairisceofar méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe fo-ordaithe a chuirfear san áireamh le haghaidh ICDI mar shuim na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (i) cistí dílse mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (118), agus Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; (ii) dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b de Threoir 2014/59/AE ar ionstraimí incháilithe fo-ordaithe iad mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (71b), den Treoir sin; (iii) dliteanais a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b(3) de Threoir 2014/59/AE. <p>I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 a leagtar amach i dTreoir 2014/59/AE.</p> <p>Maidir le dliteanais incháilithe fho-ordaithe, na méideanna glan ar na nithe seo a leanas a bheidh sna méideanna a thuairisceofar:</p> <ul style="list-style-type: none"> (i) i gcás inarb infheidhme, sealúchais ionstraimí dílse dliteanas incháilithe fo-ordaithe, dá dtagraítear in Airteagal 72e(1), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus

	<p>(ii) méideanna réamhcheada nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an réamhchead ionstraimí dliteanas fo-ordaithe i gcoitinne nó ionstraim dliteanas fo-ordaithe sonracha.</p>
0220	<p><u>Ina measc: arna rialú faoi dhlí tríú tír</u></p> <p>Méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe arna rialú faoi dhlí tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p> <p>Na méideanna glan ar na nithe seo a leanas a bheidh sna méideanna a thuairisceofar:</p> <p>(i) sealúchais ionstraimí dílse dliteanas incháilithe, dá dtagraítear in Airteagal 72e(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcás inarb infheidhme, agus sealúchais ionstraimí cistí dílse, dá dtagraítear in Airteagal 36(1), pointe (f), Airteagal 56, pointe (a), agus Airteagal 66, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna rialú faoi dhlí tríú tír; agus</p> <p>(ii) méideanna ceada <i>ad hoc</i> nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an réamhchead ionstraim cistí dílse nó ionstraim dliteanas incháilithe shonrach arna rialú faoi dhlí tríú tír.</p>
0230	<p><u>Ina measc: ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE</u></p> <p>Méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe arna rialú faoi dhlí tríú tír agus ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p> <p>Na méideanna glan ar na nithe seo a leanas a bheidh sna méideanna a thuairisceofar:</p> <p>(i) sealúchais ionstraimí dílse dliteanas incháilithe, dá dtagraítear in Airteagal 72e(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcás inarb infheidhme, agus sealúchais ionstraimí cistí dílse, dá dtagraítear in Airteagal 36(1), pointe (f), Airteagal 56, pointe (a), agus Airteagal 66, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna rialú faoi dhlí tríú tír agus ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE agus</p> <p>(ii) méideanna ceada <i>ad hoc</i> nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an réamhchead ionstraim cistí dílse nó ionstraim dliteanas incháilithe shonrach arna rialú faoi dhlí tríú tír agus ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p>
0250 - 0290	<p><u>Dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu</u></p> <p>Na heintitis a bhfuil méideanna cistí dílse agus dliteanas incháilithe ina seilbh acu, ar dháta tuairiscithe na faisnéise sin, atá cothrom le, ar a laghad, 150 % den cheanglas a leagtar síos in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE, beidh díolúine acu ón bhfaisnéis a thuairisciú i rónna 0250 go 0290. Féadfaidh na heintitis sin a chinneadh an fhaisnéis sin a thuairisciú sa teimpléad seo ar bhonn deonach.</p>

	Maidir le méideanna réamhcheada nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraim dliteanas incháilithe, measfar gur dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu iad chun críocha na rónna seo.
0250	<u>Dlíteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu</u> Méid na ndlíteanas ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (71), de Threoir 2014/59/AE, nach n-áirítear i gcistí dílse agus dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b den Treoir sin.
0260	<u>Ina measc: arna rialú faoi dhlí tríú tír</u> Méid na ndlíteanas eile ar féidir tarrtháil a thabhairt orthu agus arna rialú faoi dhlí tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.
0270	<u>Ina measc: ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE</u> Méid na ndlíteanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu arna rialú faoi dhlí tríú tír agus ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.
0280 – 0290	<u>Miondealú ar dhlíteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu de réir aibíocht iarmhair</u>
0280	Aibíocht iarmhair < 1 bhliain
0285	Aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain
0290	Aibíocht iarmhair >= 2 bhliain
0300 - 0360	<u>Cóimheasa agus díolúintí fo-ordúcháin</u>
0300	<u>Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TREA</u> Chun críocha an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndlíteanas incháilithe a thuairiscítear i ró 0200 mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0310	<u>Ina measc: cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe</u> Chun críocha an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndlíteanas incháilithe fho-ordaithe a thuairiscítear i ró 0210 mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0320	<u>Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TEM</u> Chun críocha an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndlíteanas incháilithe a thuairiscítear i ró 0200 mar chéatadán de thomhas na neamhchosanta iomláine a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0330	<u>Ina measc: cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe</u>

	<p>Chun críocha an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe fo-ordaithe a thuairiscítear i ró 0210 mar chéatadán de thomhas na neamhchosanta iomláine a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0340	<p><u>An bhfuil feidhm ag an díolúine fo-ordúcháin a leagtar síos in Airteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013? (díolúine 5 %)</u></p> <p>Ní dhéanfaidh ach eintitis atá faoi réir cheanglas G-SII le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ceanglas TLAC) an ró seo a thuairisciú.</p> <p>I gcás ina gceadaíonn údarás réitigh dliteanais a cháiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuirfidh an t-eintiteas tuairiscithe ‘tá’ i gcolún 0020.</p> <p>I gcás nach gceadaíonn an t-údarás réitigh dliteanais cháiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuirfidh an t-eintiteas tuairiscithe ‘níl’ i gcolún 0020.</p> <p>Ó tharla go bhfuil díolúintí a leagtar síos in Airteagal 72b(3) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 comheisiach, ní líonfar isteach an ró seo más rud é gur líon an t-eintiteas tuairiscithe {r0350}.</p>
0350	<p><u>Méid comhiomlán na n-ionstraimí dliteanas incháilithe neamh-fho-ordaithe a cheadaítear má chuirtear an lánrogha fo-ordúcháin i bhfeidhm a leagtar síos in Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (díolúine 3.5 % ar a mhéad)</u></p> <p>Méid comhiomlán na ndliteanas neamh-fho-ordaithe a cheadaigh an t-údarás réitigh a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe chun críoch an cheanglais G-SII le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC) i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó a cháilíonn de bhun Airteagal 494(3) den Rialachán sin.</p> <p>Ó tharla go bhfuil na díolúintí atá leagtha síos in Airteagal 72b(3) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 comheisiach, ní líonfar isteach an ró seo má chuireann an t-eintiteas tuairiscithe ‘tá’ i {r0340,c0020}.</p>
0360	<p><u>Sciár d’iomlán na ndliteanas neamh-fho-ordaithe atá ar áireamh i gcistí dílse agus i ndliteanais incháilithe</u></p> <p>Ní dhéanfaidh ach eintitis atá faoi réir cheanglas G-SII le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ceanglas TLAC) an ró seo a thuairisciú.</p> <p>Má tá feidhm ag díolúine fo-ordúcháin a bhfuil uasteorainn curtha léi agus a leagtar síos in Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tuairisceoidh na heintitis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (i) méid na ndliteanas a eisítear a rangaítear <i>pari passu</i> le dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus atá ar áireamh sa mhéid a thuairiscítear i ró 0200 (tar éis an uasteorainn a chur i bhfeidhm), (ii) arna roinnt ar mhéid na ndliteanas a eisítear arna rangú <i>pari passu</i> le dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a d’aithneofaí faoi ró 0200 murar cuireadh aon uasteorainn i bhfeidhm.

2. Comhdhéanamh agus aibíocht

2.1. M 02.00 – acmhainneacht agus comhdhéanamh ICDI agus TLAC (grúpaí agus eintitis réitigh) (TLAC1)

2.1.1. Barúlacha ginearálta

7. Tugtar tuilleadh sonraí maidir le comhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe i dteimpléad M 02.00 – acmhainneacht agus comhdhéanamh ICDI agus TLAC (grúpaí agus eintitis réitigh) (TLAC1).
8. An colún ina ndéantar tagairt don íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanas incháilithe (ICDI), déanfaidh eintitis atá faoi réir an íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanas incháilithe é a líonadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 45e de Threoir 2014/59/AE. Is iad na heintitis sin atá faoi oibleagáid an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, agus na heintitis sin amháin, a thuairisceoidh ítimí a thagraíonn don cheanglas G-SII le haghaidh cistí dílse agus dliteanas incháilithe (TLAC).

2.1.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colún	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<u>An t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanas incháilithe (ICDI)</u> Airteagail 45 agus 45e de Threoir 2014/59/AE.
0020	<u>Ceanglais ar G-SIIInna le haghaidh cistí dílse agus dliteanas incháilithe</u> Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0030	<u>Ítim mheabhráin: Méideanna atá incháilithe chun críocha ICDI ach nach bhfuil incháilithe chun críocha TLAC</u> Ní dhéanfaidh ach eintitis atá faoi réir an cheanglais ar G-SIIInna le haghaidh cistí dílse agus dliteanas incháilithe (TLAC) an ró seo a líonadh isteach. Léireoidh an colún seo an difríocht idir méideanna na gcistí dílse agus na ndliteanas atá incháilithe chun an ceanglas a chomhlíonadh a leagtar síos in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE i gcomhréir le hAirteagal 45e den Treoir sin agus méid na gcistí dílse agus na ndliteanas atá incháilithe chun an ceanglas a chomhlíonadh a leagtar amach in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<u>CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE</u> Cistí dílse agus dliteanas incháilithe chun críocha Airteagal 45e de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 <i>ICDI</i>

	<p>Déanfar méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirfear san áireamh le haghaidh ICDI a thuairisciú mar shuim na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (i) cistí dílse mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (118), agus Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; (ii) ‘dliteanais incháilithe’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (71a), de Threoir 2014/59/AE. <p>I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. <i>TLAC</i></p> <p>Is éard a bheidh i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirtear san áireamh le haghaidh an cheanglais ar G-SIInna le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC) an méid dá dtagraítear in Airteagal 72l de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arb é a bheidh ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> (i) cistí dílse mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (118), agus Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; (ii) dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72k de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0020	<p><u>Cistí dílse (incháilithe)</u></p> <p>Airteagal 4(1), pointe (118) agus Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</p> <p>I gcás ICDI, ní áireofar ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír sa ró seo agus i rónna 0040 agus 0050 ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p>
0030	<p><u>Caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1</u></p> <p>Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0040	<p><u>Caipiteal Breise Leibhéal 1 (atá incháilithe)</u></p> <p>Airteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0050	<p><u>Caipiteal Leibhéal 2 (atá incháilithe)</u></p> <p>Airteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0060	<p><u>Dliteanais incháilithe</u></p> <p><i>ICDI</i></p> <p>‘Dliteanais incháilithe’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (71a), de Threoir 2014/59/AE; i gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 den Treoir sin.</p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72k de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0070	<p><u>Ítimí dliteanas incháilithe roimh choigeartuithe</u></p> <p><i>ICDI</i></p>

	<p>‘Dliteanais incháilithe’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (71a), de Threoir 2014/59/AE; i gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 den Treoir sin. Na méideanna glan ar mhéideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar , a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe.</p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Tuairisceofar dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Na méideanna glan ó shealúchas ionstraimí dílse dliteanas incháilithe a bheidh sna méideanna a thuairisceofar , agus glan ar mhéideanna réamhcheada nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe.</p>
0080	<p><u>Ina measc: dliteanais incháilithe a mheastar a bheith fo-ordaithe ó thaobh struchtúir de</u></p> <p><i>ICDI</i></p> <p>Dliteanais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE toisc gurb é eintiteas réitigh ar cuideachta sealbhaíochta é a d’eisigh iad agus toisc nach ann do dhliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a rangaítear <i>pari passu</i> le hionstraimí dliteanas incháilithe nó atá sóisearach dóibh.</p> <p>I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p> <p>Áireofar sa ró seo freisin dliteanais incháilithe a cháilíonn mar thoradh ar mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Na méideanna glan ar mhéideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an réamhchead ionstraimí dliteanas incháilithe a chomhlíonann na critéir a shonraítear sa chéad fhomhír, sa dara fhomhír agus sa tríú fhomhír den mhír seo.</p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Dliteanais:</p> <p>(a) a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus go háirithe an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 72b(2), pointe (d)(iii), den Rialachán sin, ach nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i bpointí (d)(i) nó (d)(ii) den mhír sin, nó</p> <p>(b) a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas Airteagal 72b(2), pointe (d), den Rialachán sin, agus a cheadaíonn na húdaráis réitigh a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) den Rialachán sin.</p>

	<p>Áireofar sa ró seo freisin dliteanais incháilithe a cháilíonn mar thoradh ar mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Na méideanna glan ó mhéideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an réamhchead ionstraimí dliteanas incháilithe a chomhlíonann na critéir a shonraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fhomhír den mhír seo.</p>
0090	<p><u>Dliteanais incháilithe atá fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata</u></p> <p><i>ICDI</i></p> <p>Dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b de Threoir 2014/59/AE ar ionstraimí incháilithe fo-ordaithe iad mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (71b), den Treoir sin agus dliteanais a áirítear i méid na gcistí dílse agus dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b(3) den Treoir sin. I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 den Treoir sin. Na méideanna glan ar mhéideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata.</p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite de dhliteanais a cheadaítear a gcáiliú mar ionstraimí dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) nó (4) den Rialachán sin. Na méideanna glan ó shealúchais ionstraimí dílse dliteanas incháilithe agus glan ar mhéideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an réamhchead ionstraimí dliteanas incháilithe fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata.</p>
0100	<p><u>Ionstraimí dliteanas incháilithe arna n-eisiúint go díreach ag an eintiteas réitigh (nach bhfuil marthanaithe)</u></p> <p><i>ICDI</i></p> <p>Dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b de Threoir 2014/59/AE ar ionstraimí incháilithe fo-ordaithe iad mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (71b), den Treoir sin agus arna n-eisiúint go díreach ag an eintiteas réitigh. I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 den Treoir sin. Na méideanna sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe arna n-eisiúint go díreach ag an eintiteas réitigh agus nach bhfuil marthanaithe.</p> <p><i>TLAC</i></p>

	<p>Dlíteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite de dhlíteanais a cheadaítear a gcáiliú mar ionstraimí dlíteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) nó (4) den Rialachán sin, agus arna n-eisiúint go díreach ag an eintiteas réitigh. Na méideanna sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dlíteanas incháilithe arna n-eisiúint go díreach ag an eintiteas réitigh agus nach bhfuil marthanaithe.</p> <p>Ní áireofar sa ró seo an chuid amúchta d'ionstraimí de Chaipiteal Leibhéal 2 i gcás inar mó ná 1 bhliain amháin an aibíocht iarmhair (Airteagal 72a(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013) ná na dlíteanais incháilithe arna marthanú faoi Airteagal 494b den Rialachán sin.</p>
0110	<p><u>Ionstraimí dlíteanas incháilithe arna n-eisiúint ag eintitis eile laistigh den ghrúpa réitigh (nach bhfuil marthanaithe)</u></p> <p><i>ICDI</i></p> <p>Dlíteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndlíteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b de Threoir 2014/59/AE arna n-eisiúint ag fochuideachtaí agus a áirítear in ICDI i gcomhréir le hAirteagal 45b(3) den Treoir sin. I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 den Treoir sin. Na méideanna sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dlíteanas incháilithe arna n-eisiúint ag eintitis eile laistigh den ghrúpa réitigh agus nach bhfuil marthanaithe.</p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Dlíteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite de dhlíteanais a cheadaítear a gcáiliú mar ionstraimí dlíteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b(3) nó (4) den Rialachán sin, agus arna n-eisiúint ag fochuideachtaí agus a cháilíonn chun go n-áirítear iad ar na hionstraimí dlíteanas incháilithe chomhdhlúite atá ag eintiteas i gcomhréir le hAirteagal 88a den Rialachán sin. Na méideanna sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dlíteanas incháilithe arna n-eisiúint ag eintitis eile laistigh den ghrúpa réitigh agus nach bhfuil marthanaithe.</p> <p>Ní áireofar sa ró seo an chuid amúchta d'ionstraimí de Chaipiteal Leibhéal 2 i gcás inar mó ná 1 bhliain amháin an aibíocht iarmhair (Airteagal 72a(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013) ná na dlíteanais incháilithe arna marthanú faoi Airteagal 494b den Rialachán sin.</p>
0120	<p><u>Ítimí dlíteanas incháilithe a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019</u></p> <p><i>ICDI</i></p>

	<p>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:</p> <p>(a) eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;</p> <p>(b) is ionstraimí incháilithe fo-ordaithe iad mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (71b), de Threoir 2014/59/AE;</p> <p>(c) áirítear iad i gcistí dílse agus dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>(d) i gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, comhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p> <p>Na méideanna sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019.</p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:</p> <p>(a) eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;</p> <p>(b) comhlíonann siad Airteagal 72b(2), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;</p> <p>(c) cáilíonn siad mar dhliteanais incháilithe mar thoradh ar mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Na méideanna sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019.</p>
0130	<p><u>Ionstraimí Leibhéal 2 ina bhfuil aibíocht iarmhair 1 bhliana amháin ar a laghad, a mhéid nach gcáilíonn siad mar ítimí Leibhéal 2</u></p> <p>Airteagal 72a(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</p> <p>Sa ró seo, beidh an chuid amúchta d'ionstraimí de Chaipiteal Leibhéal 2, i gcás inar mó ná 1 bhliain amháin an aibíocht iarmhair. Ní thuairisceofar sa ró seo ach an méid nach n-aithnítear i gcistí dílse, ach a chomhlíonann na critéir incháilitheachta uile a leagtar síos in Airteagal 72b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>I gcás ICDI, na hionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar sa ró seo iad ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p>
0132	<p><u>(-) Ionstraimí dliteanas incháilithe dílse atá fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata</u></p> <p><i>ICDI</i></p> <p>Airteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Airteagal 32b(2), (3) agus (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014</p> <p>Sa ró seo, beidh méideanna réamhcheada nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata. Beidh an méid sa ró seo cothrom leis an méid i ró 0135 le haghaidh ICDI.</p>

	<p><i>TLAC</i></p> <p>Airteagal 72e(1), pointe (a), agus Airteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Airteagal 32b(2), (3) agus (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014</p> <p>Sa ró seo, beidh an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (i) sealúchais ionstraimí d'físe dliteanas incháilithe fo-ordaithe atá le hasbhaint i gcomhréir le hAirteagal 72e(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; agus (ii) méideanna réamhcheada nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata.
0135	<p><u>(-) ina measc: méideanna réamhcheada nár úsáideadh</u></p> <p><i>ICDI agus TLAC</i></p> <p>Tuairisceofar na méideanna seo a leanas sa ró seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> (i) méideanna ceada <i>ad hoc</i> nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata; (ii) méideanna réamhcheada ghinearálta (RCG) nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata. <p>Maidir le réamhchead ginearálta dá dtagraítear i bpointe (ii), i gcás nach sonraítear ann rangú na n-ionstraimí a fhéadfar a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach, tuairisceofar an méid RCG iomlán nár úsáideadh sa ró seo.</p>
0140	<p><u>Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata</u></p> <p><i>ICDI</i></p> <p>Dliteanais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE agus nach bhfuil go hiomlán fo-ordaithe maidir le héilimh a thagann as dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. Na méideanna glan ar mhéideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata.</p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas Airteagal 72b(2), pointe (d), den Rialachán sin, agus a aithnítear mar dhliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) nó (4) den Rialachán sin. I gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is éard a bheidh sa mhéid a thuairisceofar an méid tar éis chur i bhfeidhm na huasteorann a leagtar síos san Airteagal sin. Na méideanna glan ó</p>

	<p>shealúchais ionstraimí dílse dliteanas incháilithe agus glan ó mhéideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata.</p>
0150	<p><u>Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata (nach bhfuil marthanaithe, sula gcuirtear an uasteorainn i bhfeidhm)</u></p> <p><i>ICDI</i></p> <p>Dliteanais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 45b (1), (2) agus (3) de Threoir 2014/59/AE agus nach bhfuil go hiomlán fo-ordaithe maidir le héilimh a thagann as dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. Na méideanna sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata agus nach bhfuil marthanaithe.</p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas Airteagal 72b(2), pointe (d), den Rialachán sin, agus a bhféadfaí a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) den Rialachán sin a cheadú nó a cheadaítear a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) den Rialachán sin. Na méideanna sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata agus nach bhfuil marthanaithe.</p> <p>I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 72b(3) nó ag Airteagal 494(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tuairisceofar sa ró seo an méid iomlán gan na huasteorainneacha 3,5 % agus 2,5 % faoi seach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Ní áireofar sa ró seo aon mhéid is féidir a aithint ar bhonn idirthréimhseach i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0160	<p><u>Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019 (sular cuireadh an uasteorainn i bhfeidhm)</u></p> <p><i>ICDI</i></p> <p>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:</p> <p>(a) eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;</p> <p>(b) comhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 45b (1), (2) agus (3) de Threoir 2014/59/AE agus níl siad go hiomlán fo-ordaithe maidir le héilimh a thagann as dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;</p>

	<p>(c) cáilíonn siad mar dhliteanais incháilithe mar thoradh ar mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p> <p>Na méideanna sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata agus a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019.</p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Dlitéanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:</p> <p>(a) eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;</p> <p>(b) comhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas Airteagal 72b(2), pointe (d), den Rialachán sin, agus d'fhéadfaí a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) den Rialachán sin a cheadú nó ceadáítear a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) den Rialachán sin.</p> <p>(c) cáilíonn siad mar dhliteanais incháilithe mar thoradh ar mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Na méideanna sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata agus a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019. I gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 72b(3) nó Airteagal 494(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tuairisceofar sa ró seo an méid iomlán gan na huasteorainneacha 3,5 % agus 2,5 % faoi seach a chur i bhfeidhm.</p>
0162	<p><u>(-) Ionstraimí dliteanas incháilithe dílse nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata</u></p> <p><i>ICDI</i></p> <p>Airteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Airteagal 32b(2), (3) agus (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014</p> <p>Sa ró seo, beidh méideanna réamhcheada nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata. Beidh an méid sa ró seo cothrom leis an méid i ró 0165 le haghaidh ICDI.</p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Airteagal 72e(1), pointe (a), agus Airteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Airteagal 32b(2), (3) agus (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014</p> <p>Sa ró seo, beidh an méid seo a leanas:</p>

	<p>(i) sealúchais ionstraimí dílse dliteanas incháilithe neamh-fhoordaithe atá le hasbhaint i gcomhréir le hAirteagal 72e(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; agus</p> <p>(ii) méideanna réamhcheada nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe nach bhfuil foordaithe maidir le dliteanas eisiata.</p>
0165	<p><u>(-) ina measc: méideanna réamhcheada nár úsáideadh</u></p> <p><i>ICDI agus TLAC</i></p> <p>Tuairisceofar na méideanna seo a leanas sa ró seo:</p> <p>(i) méideanna ceada <i>ad hoc</i> nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraim dliteanas incháilithe nach bhfuil foordaithe maidir le dliteanas eisiata.</p> <p>(ii) méideanna RCG nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas <u>incháilithe</u> nach bhfuil foordaithe maidir le dliteanas eisiata.</p> <p><u>Maidir le réamhchead ginearálta dá dtagraítear i bpointe (ii), i gcás nach sonraítear ann rangú na n-ionstraimí a fhéadfar a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach, tuairisceofar an méid RCG iomlán nár úsáideadh i ró 0135, agus ní thuairisceofar sa ró seo é.</u></p>
0170	<p><u>Méideanna incháilithe tar éis uasteorainn Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm (nach bhfuil marthanaithe)</u></p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Dliteanas incháilithe a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas Airteagal 72b(2), pointe (d), den Rialachán sin, tar éis Airteagal 72b(3) go (5) den Rialachán sin a chur i bhfeidhm, cé is moite de dhliteanas a aithnítear de bhun an mharthanaithe a leagtar amach in Airteagal 494b(3) den Rialachán sin.</p> <p>I gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus go dtí an 31 Nollaig 2021, is éard a bheidh sa mhéid a thuairisceofar sa ró seo an méid tar éis Airteagal 494(2) den Rialachán sin a chur i bhfeidhm (uasteorainn 2,5 %).</p>
0180	<p><u>Méideanna incháilithe tar éis uasteorainn Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ítimí a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019</u></p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Dliteanas incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:</p> <p>(a) eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;</p> <p>(b) comhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas Airteagal 72b(2), pointe (d), den Rialachán sin, tar éis Airteagal 72b(3) go (5) den Rialachán sin a chur i bhfeidhm;</p>

	<p>(c) cáilíonn siad mar dhliteanais incháilithe mar thoradh ar mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>I gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus go dtí an 31 Nollaig 2021, is éard a bheidh sa mhéid a thuairisceofar sa ró seo an méid tar éis Airteagal 494(2) den Rialachán sin a chur i bhfeidhm (uasteorainn 2,5 %).</p>
0190	<u>(-) Asbhaintí</u>
0200	<p><u>(-) Neamhchosaintí idir grúpaí réitigh ilphointe iontrála (MPE)</u></p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Léireofar sa ró seo asbhaintí na neamhchosaintí idir grúpaí réitigh MPE G-SII, a chomhfhreagraíonn do shealúchais dhíreacha, indíreacha nó shintéiseacha ionstraimí cistí dílse nó ionstraimí dliteanas incháilithe atá ag fochuideachta amháin nó níos mó nach bhfuil sa ghrúpa réitigh céanna leis an eintiteas réitigh, i gcomhréir le hAirteagal 72e(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0211	<p><u>(-) Infheistíochtaí in ionstraimí dliteanas incháilithe eile</u></p> <p><i>TLAC</i></p> <p>Tuairisceoidh eintitis asbhaint infheistíochtaí in ionstraimí dliteanas incháilithe eile, dá dtagraítear in Airteagal 72e(1), pointí (b), (c) agus (d), Airteagal 72e(2) agus (3) agus Airteagail 72g go 72j de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, sa chaoi go gcinneadh an méid a bheidh le hasbhaint as ítimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le Cuid a Dó, Teideal I, Caibidil 5a, Roinn 2, den Rialachán sin.</p>
0220	<p><u>Barrchas na n-asbhaintí ó dhliteanais incháilithe ar dhliteanais incháilithe</u></p> <p>Ní féidir dliteanais incháilithe a bheith diúltach, ach is féidir gur mó méid na n-asbhaintí ó ítimí dliteanas incháilithe ná méid na n-ítimí dliteanas incháilithe féin. Nuair a tharlaíonn sé sin, ní mór na dliteanais incháilithe a bheith cothrom le nialas, agus tá barrchas na n-asbhaintí le hasbhaint ó Chaipiteal Leibhéal 2 i gcomhréir le hAirteagal 66, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Leis an ítim sin, fágann sé, maidir leis na dliteanais incháilithe mar a thuairiscítear i ró 0060 iad, nach bhfuil siad níos ísle ná nialas riamh.</p>
0400 - 0500	<u>Ítimí meabhráin</u>
0400	<p><u>Caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 (%) atá ar fáil tar éis riachtanais an eintitis a chomhlíonadh</u></p> <p>Méid Caipitil Gnáthchothromas Leibhéal 1, atá cothrom le nialas nó atá deimhneach, atá ar fáil tar éis gach ceann de na ceanglais dá dtagraítear in</p>

	<p>Airteagal 141a(1), pointí (a), (b) agus (c), de Threoir 2013/36/AE² a chomhlíonadh agus is airde ná:</p> <p>(a) i gcás inarb infheidhme, an ceanglas G-SII le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (ceanglas TLAC), nuair a ríomhtar é i gcomhréir le mír (1), pointe (a), den Airteagal sin,</p> <p>(b) an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe de bhun Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE, nuair a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 45(2), pointe (a), den Treoir sin.</p> <p>Déanfar an Caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 atá ar fáil a shloinneadh mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca mar a thuairiscítear i ró 0100 de theimpléad M 01.00.</p> <p>An figiúr a thuairisceofar, beidh sé díreach mar an gcéanna i gcolún ICDI agus i gcolún TLAC.</p> <p>Cuirfear san áireamh ann éifeacht na bhforálacha idirthréimhseacha ar chistí dílse agus ar dhliteanais incháilithe, méid na neamhchosanta iomláine ar riosca agus na ceanglais féin. Ní chuirfear san áireamh an treoraíocht maidir le cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 104b de Threoir 2013/36/AE ná an ceanglas maoláin chomhcheangailte a leagtar amach in Airteagal 128, an chéad fhomhír, pointe (6), den Treoir sin.</p>
0410	<p><u>Ceanglas maoláin chomhcheangailte (%)</u></p> <p>Airteagal 128, an chéad fhomhír, pointe (6), de Threoir 2013/36/AE</p> <p>Sloinnfear an ceanglas maoláin chomhcheangailte mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca.</p>
0420	<p><u>ina measc: ceanglas maidir le caipiteal maolánach caomhantais</u></p> <p>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca) a bhaineann leis an gceanglas maidir le caipiteal maolánach caomhantais.</p>
0430	<p><u>ina measc: ceanglas maidir le caipiteal maolánach fritimthriallach</u></p> <p>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca) a bhaineann leis an gceanglas maidir le caipiteal maolánach fritimthriallach.</p>
0440	<p><u>ina measc: ceanglas maidir le maolán um riosca sistéamach</u></p> <p>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca) a bhaineann leis an gceanglas maidir le maolán um riosca sistéamach.</p>
0450	<p><u>ina measc: Maolán le haghaidh Institiúid Dhomhanda a bhfuil Tábhacht Shistéamach léi (G-SII) nó le haghaidh Institiúid eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach léi (O-SII)</u></p>

² Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnóilachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj>).

	Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca) a bhaineann leis an gceanglas maidir le maolán G-SII nó O-SII.
0460	<u>Infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe de chuid institiúidí eile</u> Cinnfear na suíomhanna a thuairisceofar sa ró seo agus i rónna 0470 go 0490 de réir na bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 72h de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (glansuíomhanna fada, cur chuige na trédhearcachta).
0470	<u>Infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe de chuid G-SIIInna</u> Méid sealúchas ionstraimí dliteanas incháilithe, dá dtagraítear in Airteagal 72b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite d'ionstraimí de bhun Airteagal 72b(3) go (5) den Rialachán sin, arna n-eisiúint ag G-SIIInna.
0480	<u>Infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe de chuid O-SIIInna</u> Méid sealúchas ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 arna n-eisiúint ag O-SIIInna. Ní thuairisceofar infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe de chuid O-SIIInna ar G-SIIInna iad san am céanna sa ró seo; tuairisceofar i ró 0470 iad, agus sa ró sin amháin.
0490	<u>Infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe de chuid institiúidí eile</u> Méid sealúchas ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 arna n-eisiúint ag institiúidí nach G-SIIInna ná O-SIIInna iad.
0500	<u>Dliteanais eisiata</u> Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0600	<u>Ceadanna ad hoc le haghaidh ítimí dliteanas incháilithe: Méid réamhchinntithe</u> Tuairisceofar sa ró seo méideanna a chumhdaítear le réamhchead <i>ad hoc</i> chun ionstraimí dliteanas incháilithe sonracha a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach i gcomhréir le hAirteagal 78a(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcomhar le hAirteagal 32b(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014. Áireofar ann na méideanna a úsáideadh agus na méideanna nár úsáideadh araon.
0610	<u>Réamhcheadanna ginearálta le haghaidh ítimí dliteanas incháilithe: Méid réamhchinntithe</u> Tuairisceofar sa ró seo méideanna a chumhdaítear le réamhchead ginearálta chun ionstraimí dliteanas incháilithe a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach i gcomhréir le hAirteagal 78a(1), an dara fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcomhar le hAirteagal 32b(3) agus (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014. Áireofar ann na méideanna a úsáideadh agus na méideanna nár úsáideadh araon.

2.2. M 03.00 – ICDI Inmheánach agus TLAC Inmheánach (ILAC)

2.2.1. Barúlacha ginearálta

9. Léirítear na cistí dílse agus na dliteanais incháilithe i dteimpléad M 3.00 chun na gcríoch seo a leanas:
- (a) an ceanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe eintiteas nach eintitis réitigh iad féin de bhun Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE (ICDI inmheánach); agus
 - (b) an ceanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIIInna neamh-AE is infheidhme maidir le fochuideachtaí suntasacha G-SIIInna tríú tír de bhun Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (TLAC inmheánach).
10. An colún ina ndéantar tagairt do ICDI inmheánach, déanfaidh eintitis atá faoi réir an íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe é a líonadh isteach i gcomhréir le hAirteagail 45 agus 45f de Threoir 2014/59/AE. Is iad na heintitis sin atá faoi oibleagáid an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, agus na heintitis sin amháin, a thuairisceoidh ítimí a thagraíonn don cheanglas G-SII le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC).

2.2.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<u>ICDI inmheánach</u> Airteagail 45 agus 45f de Threoir 2014/59/AE.
0020	<u>TLAC inmheánach</u> Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<u>Leibhéal an chur i bhfeidhm</u> I gcás ina bhfuil an t-eintiteas faoi réir ICDI inmheánach, agus i gcás inarb infheidhme faoi réir TLAC inmheánach, ar bhonn aonair, sonróidh sé ‘bonn aonair’. I gcás ina bhfuil an t-eintiteas faoi réir ICDI inmheánach, agus i gcás inarb infheidhme faoi réir TLAC inmheánach, ar bhonn comhdhlúite, sonróidh sé ‘bonn comhdhlúite’.
0100 - 0110	<u>Méid na neamhchosanta iomláine ar riosca agus tomhas na neamhchosanta iomláine</u>
0100	<u>Méid na neamhchosanta iomláine ar riosca (TREA)</u> Airteagal 45(2), pointe (a), de Threoir 2014/59/AE, Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

	<p>Is éard a bheidh i méid na neamhchosanta iomláine ar riosca a thuairisceofar sa ró seo méid na neamhchosanta iomláine ar riosca atá ina bhonn le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 faoi seach, de réir mar is infheidhme.</p>
0110	<p><u>Tomhas na neamhchosanta iomláine (TEM)</u></p> <p>Airteagal 45(2), pointe (b), de Threoir 2014/59/AE, Airteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Is éard a bheidh i dtomhas na neamhchosanta iomláine a thuairisceofar sa ró seo tomhas na neamhchosanta iomláine atá mar bhonn le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 faoi seach, de réir mar is infheidhme.</p>
0200 – 0295	<p><u>Cistí dílse incháilithe agus dliteanais incháilithe</u></p>
0200	<p><u>Cistí dílse incháilithe agus dliteanais incháilithe</u></p> <p><i>ICDI inmheánach</i></p> <p>Suim na gcistí dílse incháilithe, na ndliteanas incháilithe agus na ráthaíochtaí a cheadaítear a chur san áireamh le haghaidh ICDI inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE, agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 89(2), an ceathrú fomhír, den Treoir sin á chur san áireamh freisin.</p> <p>I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p> <p>Is éard a bheidh sa mhéid a thuairisceofar sa ró seo an méid tar éis na hasbhaintí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p><i>TLAC inmheánach</i></p> <p>Cistí dílse incháilithe agus dliteanais incháilithe a cheadaítear a chur san áireamh le haghaidh TLAC inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 92b(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Is éard a bheidh sa mhéid a thuairisceofar sa ró seo an méid tar éis na hasbhaintí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0210	<p><u>Cistí dílse incháilithe</u></p> <p>Suim Chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1, Chaipiteal Breise Leibhéal 1 atá incháilithe agus Chaipiteal Leibhéal 2 atá incháilithe.</p> <p>I gcás ICDI inmheánach, áireofar sa ró seo agus i rónna 0230 agus 0240, de réir mar is infheidhme, ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 89(2), an ceathrú fomhír, de Threoir 2014/59/AE.</p> <p>Ní áireofar ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír sa ró seo agus i rónna 0230 agus 0240 ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 55 den Treoir sin.</p>

0220	<p><u>Caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1)</u></p> <p>Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0230	<p><u>Caipiteal Breise Leibhéal 1 incháilithe</u></p> <p>Airteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</p> <p><i>ICDI inmheánach</i></p> <p>Ní dhéanfar ionstraimí a mheas ach amháin i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir dá dtagraítear in Airteagal 45f(2), pointe (b)(ii), de Threoir 2014/59/AE.</p> <p><i>TLAC inmheánach</i></p> <p>Ní dhéanfar ionstraimí a mheas ach amháin i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 92b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0240	<p><u>Caipiteal Leibhéal 2 incháilithe</u></p> <p>Airteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</p> <p><i>ICDI inmheánach</i></p> <p>Ní dhéanfar ionstraimí a mheas ach amháin i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir a leagtar amach in Airteagal 45f(2), pointe (b)(ii), de Threoir 2014/59/AE.</p> <p><i>TLAC inmheánach</i></p> <p>Ní dhéanfar ionstraimí a mheas ach amháin i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 92b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0250	<p><u>Dlíteanais incháilithe agus ráthaíochtaí</u></p>
0260	<p><u>Dlíteanais incháilithe (seachas ráthaíochtaí)</u></p> <p><i>ICDI inmheánach</i></p> <p>Dlíteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 45f(2), pointe (a), de Threoir 2014/59/AE, agus i gcás inarb infheidhme, Airteagal 89(2), an ceathrú fomhír, den Treoir sin á chur san áireamh chomh maith.</p> <p>I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p> <p>Na méideanna sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe.</p> <p><i>TLAC inmheánach</i></p> <p>Ríomhfar méid na ndlíteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72k de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcás ina gcomhlíonfaidh na dlíteanais sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 92b(3) den Rialachán sin.</p> <p>Na méideanna sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh a bheidh sna méideanna a thuairisceofar, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe.</p>

0265	<p><u>(-) Ionstraimí dliteanas incháilithe dílse: Méideanna réamhcheada nár úsáideadh</u></p> <p>Tuairisceofar na méideanna seo a leanas sa ró seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> (i) méideanna ceada <i>ad hoc</i> nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe; (ii) méideanna réamhcheada ghinearálta nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraimí dliteanas incháilithe;
0270	<p><u>Ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an eintiteas réitigh agus arna gceadú ag an údarás réitigh</u></p> <p>I gcás ina gceadóidh údarás réitigh na fochuideachta don eintiteas tuairiscithe an ceanglas maidir le ICDI inmheánach a chomhlíonadh le ráthaíochtaí, tuairisceofar méid na ráthaíochtaí a chuirfidh an t-eintiteas réitigh ar fáil agus a chomhlíonfaidh na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE.</p>
0280	<p><u>Ítim mheabhráin Cuid chomhthaobhaithe den ráthaíocht</u></p> <p>An chuid den ráthaíocht a thuairiscítear i ró 0270 agus atá comhthaobhaithe le socrú comhthaobhachta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 45f(5), pointe (c), de Threoir 2014/59/AE.</p>
0290	<p><u>(-) Ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe arna n-eisiúint ag eintitis neamhréitigh an ghrúpa réitigh céanna</u></p> <p>Tuairisceofar sa ró seo sealúchais ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe atá le hasbhaint i gcomhréir le hAirteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 45c(2a), an cúigiú fomhír, de Threoir 2014/59/AE.</p> <p>Chun na hasbhaintí a ríomh de bhun Airteagal 45c(2a) de Threoir 2014/59/AE, úsáidfear an cóimheas a thuairiscítear i ró 0630.</p>
0293	<p><u>(-) ina measc: Ionstraimí cistí dílse arna n-eisiúint ag eintitis leachtaithe</u></p> <p>Tuairisceofar infheistíochtaí sna hionstraimí cistí dílse arna n-eisiúint ag eintitis leachtaithe den ghrúpa réitigh céanna, nár chinn an t-údarás réitigh íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe ina leith i gcomhréir le hAirteagal 45 de Threoir 2014/59/AE, atá le hasbhaint i gcomhréir le hAirteagal 45c(2a), an cúigiú fomhír, de Threoir 2014/59/AE.</p> <p>Chun na hasbhaintí a ríomh de bhun Airteagal 45c(2a) de Threoir 2014/59/AE, úsáidfear an cóimheas a thuairiscítear i ró 0630.</p>
0295	<p><u>Barrchas na n-asbhaintí ó dhliteanais incháilithe ar dhliteanais incháilithe</u></p> <p>Ní féidir dliteanais incháilithe a bheith diúltach, ach is féidir gur mó méid na n-asbhaintí ó ítimí dliteanas incháilithe ná méid na n-ítimí dliteanas incháilithe féin. Nuair a tharlaíonn sé sin, ní mór na dliteanais incháilithe a bheith cothrom le nialas, agus tá barrchas na n-asbhaintí le hasbhaint ó</p>

	<p>Chaipiteal Leibhéal 2 i gcomhréir le hAirteagal 66, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Leis an ítim sin, fágann sé, maidir leis na dliteanais incháilithe mar a thuairiscítear i ró 0251 iad, nach bhfuil siad níos ísle ná nialas riamh.</p>
0400 - 0440	<u>Cóimheasa cistí dílse incháilithe agus dliteanas incháilithe</u>
0400	<p><u>Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TREA</u></p> <p>Méideanna chistí dílse incháilithe, dhliteanais incháilithe agus ráthaíochtaí ceadaithe an eintitis tuairiscithe a chuirtear san áireamh le haghaidh ICDI inmheánach agus TLAC inmheánach faoi seach, arna sloinneadh mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0410	<p><u>ina measc: ráthaíochtaí ceadaithe</u></p> <p>Méid chistí dílse incháilithe, dhliteanais incháilithe agus ráthaíochtaí ceadaithe an eintitis tuairiscithe ar ráthaíochtaí iad a chuir an t-eintiteas réitigh ar fáil agus a aithníonn an t-údarás réitigh i gcomhréir le hAirteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE, a chuirtear san áireamh le haghaidh ICDI inmheánach, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0420	<p><u>Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TEM</u></p> <p>Méideanna chistí dílse incháilithe agus dhliteanais incháilithe an eintitis tuairiscithe a chuirtear san áireamh le haghaidh ICDI inmheánach agus TLAC inmheánach faoi seach, arna sloinneadh mar chéatadán de thomhas na neamhchosanta iomláine arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a den Rialachán sin.</p>
0430	<p><u>ina measc: ráthaíochtaí ceadaithe</u></p> <p>Méid chistí dílse incháilithe agus dhliteanais incháilithe an eintitis thuairiscithe ar ráthaíochtaí iad a thug an t-eintiteas réitigh agus a aithníonn an t-údarás réitigh i gcomhréir le hAirteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE, a chuirtear san áireamh le haghaidh ICDI inmheánach, arna shloinneadh mar chéatadán de thomhas na neamhchosanta iomláine arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus le hAirteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0440	<p><u>Caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 (%) atá ar fáil tar éis riachtanais an eintitis a chomhlíonadh</u></p> <p>Méid Caipitil Gnáthchothromas Leibhéal 1, atá cothrom le nialas nó atá deimhneach, atá ar fáil tar éis gach ceann de na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 141a(1), pointí (a), (b) agus (c), de Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh agus is airde ná:</p> <p>(a) i gcás inarb infheidhme an ceanglas maidir le TLAC inmheánach de bhun Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nuair a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 92b(1) den Rialachán sin mar 90 % den cheanglas a leagtar amach in Airteagal 92a(1), pointe (a), den Rialachán sin;</p>

	<p>(b) an ceanglas maidir le ICDI inmheánach de bhun Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE, nuair a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 45(2), pointe (a), den Treoir sin.</p> <p>Déanfar Caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 atá ar fáil a shloinneadh mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca a thuairiscítear i ró 0100.</p> <p>An figiúr a thuairisceofar, beidh sé díreach mar an gcéanna sna colúin le haghaidh ICDI inmheánach agus TLAC inmheánach.</p> <p>Cuirfear san áireamh ann éifeacht na bhforálacha idirthréimhseacha ar chistí dílse agus ar dhliteanais incháilithe, méid na neamhchosanta iomláine ar riosca agus na ceanglais iad féin. Ní chuirfear san áireamh an treoraíocht maidir le cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 104b de Threoir 2013/36/AE ná an ceanglas maoláin chomhcheangailte a leagtar amach in Airteagal 128, an chéad fhomhír, pointe (6), den Treoir sin.</p>
0500 – 0550	<u>Ítimí meabhráin</u>
0500	<p><u>Ceanglas maoláin chomhcheangailte (%)</u></p> <p>Airteagal 128, an chéad fhomhír, pointe (6), de Threoir 2013/36/AE</p> <p>Sloinnfear an ceanglas maoláin chomhcheangailte mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca.</p>
0510	<p><u>ina measc: ceanglas maidir le caipiteal maolánach caomhantais</u></p> <p>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca) a bhaineann leis an gceanglas maidir le caipiteal maolánach caomhantais.</p>
0520	<p><u>ina measc: ceanglas maidir le caipiteal maolánach fritimthriallach</u></p> <p>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca) a bhaineann leis an gceanglas maidir le caipiteal maolánach fritimthriallach.</p>
0530	<p><u>ina measc: ceanglas maidir le maolán um riosca sistéamach</u></p> <p>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca) a bhaineann leis an gceanglas maidir le maolán um riosca sistéamach.</p>
0540	<p><u>ina measc: Maolán le haghaidh Institiúid Dhomhanda a bhfuil Tábhacht Shistéamach léi (G-SII) nó le haghaidh Institiúid eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach léi (O-SII)</u></p> <p>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid na neamhchosanta iomláine ar riosca) a bhaineann leis an gceanglas maidir le maolán G-SII nó O-SII.</p>
0550 - 0600	<p><u>Dlíteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu</u></p> <p>Na heintitis a bhfuil méideanna cistí dílse agus dliteanas incháilithe ina seilbh acu, ar dháta tuairiscithe na faisnéise sin, atá cothrom le, ar a laghad, 150 % den cheanglas a leagtar síos in Airteagal 45(1) de Threoir</p>

	<p>2014/59/AE, beidh díolúine acu ón bhfaisnéis a thuairisciú i rónna 0550 go 0600. Féadfaidh na heintitis sin a chinneadh an fhaisnéis sin a thuairisciú sa teimpléad seo ar bhonn deonach.</p> <p>Maidir le méideanna réamhcheada nár úsáideadh, a mhéid a chumhdaítear leis an gcead ionstraim dliteanas incháilithe, measfar gur dliteanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu iad chun críocha na rónna seo.</p>
0550	<p><u>Dlitéanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu</u></p> <p>Méid na ndlitéanas ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (71), de Threoir 2014/59/AE, nach bhfuil incháilithe chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45 agus 45f den Treoir sin a chomhlíonadh.</p>
0560	<p><u>Ina measc: arna rialú faoi dhlí tríú tír</u></p> <p>Méid na ndlitéanas eile ar féidir tarrtháil a thabhairt orthu agus arna rialú faoi dhlí tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p>
0570	<p><u>Ina measc: ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE</u></p> <p>Méid na ndlitéanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu arna rialú faoi dhlí tríú tír agus ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.</p>
0580 – 0600	<p><u>Miondealú ar dhlitéanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu de réir aibíocht iarmhair</u></p>
0580	Aibíocht iarmhair < 1 bhliain
0590	Aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain
0600	Aibíocht iarmhair >= 2 bhliain
0610	<p><u>Dlitéanais eisiata</u></p> <p>Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0620	<p><u>Ionstraimí cistí dílse arna n-eisiúint ag eintitis leachtaithe an ghrúpa réitigh céanna</u></p> <p>Sealúchais ionstraimí cistí dílse arna n-eisiúint ag eintitis neamhréitigh ar eintitis leachtaithe iad, cuid den ghrúpa réitigh céanna, agus nár chinn an t-údarás réitigh íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dlitéanais incháilithe ina leith i gcomhréir le hAirteagal 45 de Threoir 2014/59/AE.</p> <p>Tuairisceofar an méid sin sa ró seo gan beann ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 45c(2a), an cúigiú fomhír, de Threoir 2014/59/AE.</p>
0630	<p><u>Cóimheas sealúchas ionstraimí cistí dílse arna n-eisiúint ag eintitis leachtaithe ar chistí dílse incháilithe agus ar dhlitéanais incháilithe</u></p> <p>Airteagal 45c(2a) de Threoir 2014/59/AE.</p>

	<p>Ní ríomhfar an cóimheas ach amháin don dáta íocaíochta, an 31 Nollaig. I gcás na ndátaí tagartha eile, tuairisceofar an cóimheas arna ríomh ón 31 Nollaig den bhliain roimhe sin.</p> <p>Tuairisceofar an cóimheas mar a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> – Uimhreoir: Meánluach an 12 luach mhíosúla ón mbliain féilire ábhartha atá ag na sealúchais ionstraimí cistí dílse arna n-eisiúint ag eintitis neamhréitigh ar eintitis leachtaithe iad, cuid den ghrúpa réitigh céanna, agus nár chinn an t-údarás réitigh íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe ina leith i gcomhréir le hAirteagal 45 de Threoir 2014/59/AE. – Ainmneoir: Meánluach an 12 luach mhíosúla ón mbliain féilire ábhartha atá ag cistí dílse agus dliteanais incháilithe an eintitis tuairiscithe, arna ríomh gan asbhaintí shealúchais na n-ionstraimí cistí dílse a chur san áireamh de bhun Airteagal 45c(2a), an cúigiú fomhír, de Threoir 2014/59/AE.
--	---

2.3. M 04.00 – Struchtúr cistiúcháin dliteanas incháilithe (LIAB-ICDI)

2.3.1. Barúlacha ginearálta

11. Sa teimpléad seo ceanglaítear faisnéis maidir le struchtúr cistiúcháin dhliteanais incháilithe na n-eintiteas atá faoi réir ICDI. Déantar miondealú ar na dliteanais incháilithe de réir chineál an dliteanais agus na haibíochta.
12. Sa teimpléad seo, ní thuairisceoidh eintitis ach dliteanais atá incháilithe chun an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos i dTreoir 2014/59/AE (ICDI/ICDI inmheánach) a chomhlíonadh.
13. I gcás inar eintiteas réitigh é an t-eintiteas tuairiscithe, tuairisceofar dliteanais incháilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (71d), de Threoir 2014/59/AE, sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh. I gcás dliteanais incháilithe arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar ach na dliteanais sin a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 55 den Treoir sin.
14. I gcás inar eintiteas nach eintiteas réitigh é an t-eintiteas tuairiscithe, tuairisceoidh sé dliteanais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 45f(2), pointe (a), de Threoir 2014/59/AE sa teimpléad sin, agus, i gcás inarb infheidhme, cuirfidh sé san áireamh freisin Airteagal 89(2), an ceathrú fomhír, den Treoir, sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh. I gcás ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 55 den Treoir sin.
15. Tá an miondealú de réir an chineáil dliteanais bunaithe ar an tacar céanna cineálacha dliteanais a úsáidtear sa tuairisciú chun críoch pleanála réitigh i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624. Cuirtear tagairtí don Rialachán Cur Chun Feidhme sin ar fáil chun na cineálacha éagsúla dliteanas a shainiú.

16. I gcás ina mbeidh gá le miondealú ar aibíocht, is éard a bheidh san aibíocht iarmhair an tréimhse go dtí an aibíocht chonarthach nó, i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 72c(2) nó (3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, an dáta is luaithe is féidir ar a bhféadfar an rogha a fheidhmiú. I gcás íocaíochtaí eatramhacha príomhshuime, déanfar an phríomhshuim a dheighilt agus a leithdháileadh i dtráinsí aibíochta comhfhreagracha. I gcás inarb infheidhme, déanfar an aibíocht a mheas ar leithligh maidir leis an bpríomhshuim agus maidir leis an ús fabhráithe araon.

2.3.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0100	<u>DLITEANAS INCHÁILITHE</u>
0200	<u>Taiscí, nach bhfuil cumhdaithe agus nach bhfuil fabhrach >= 1 bhliain</u> Taiscí, nach bhfuil cumhdaithe agus nach bhfuil fabhrach, mar a shainmhínítear chun críocha ró 0320 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624, atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE.
0210	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain</u>
0220	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain</u>
0230	<u>ina measc: cinn a d'eisigh fochuideachtaí</u>
0300	<u>Dliteanais urraithe neamh-chomhthaobhaithe >= 1 bhliain</u> Dliteanais urraithe neamh-chomhthaobhaithe, mar a shainmhínítear chun críocha ró 0340 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624, atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE.
0310	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain</u>
0320	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain</u>
0330	<u>ina measc: cinn a d'eisigh fochuideachtaí</u>
0400	<u>Nótaí struchtúrtha >= 1 bhliain</u> Nótaí struchtúrtha, mar a shainmhínítear chun críocha ró 0350 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624, atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE.
0410	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain</u>
0420	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain</u>
0430	<u>ina measc: cinn a d'eisigh fochuideachtaí</u>
0500	<u>Dliteanais neamhurraithe shinsearacha >= 1 bhliain</u> Dliteanais neamhurraithe shinsearacha, mar a shainmhínítear chun críocha ró 0360 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624, atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE.

0510	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain</u>
0520	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain</u>
0530	<u>ina measc: cinn a d'eisigh fochuideachtaí</u>
0600	<u>Dliteanais neamhthosaíochta shinsearacha >= 1 bhliain</u> Dliteanais neamhthosaíochta shinsearacha, mar a shainmhínítear chun críocha ró 0365 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624, atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE.
0610	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain</u>
0620	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain</u>
0630	<u>ina measc: cinn a d'eisigh fochuideachtaí</u>
0700	<u>Dliteanais fho-ordaithe (nach n-aithnítear mar chistí dílse) >= 1 bhliain</u> Dliteanais fho-ordaithe, mar a shainmhínítear chun críocha ró 0370 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624, atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE.
0710	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain</u>
0720	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain</u>
0730	<u>ina measc: cinn a d'eisigh fochuideachtaí</u>
0800	<u>Dliteanais incháilithe eile ICDI >= 1 bhliain</u> Aon ionstraim eile atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE.
0810	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain</u>
0820	<u>ina measc: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain</u>
0830	<u>ina measc: cinn a d'eisigh fochuideachtaí</u>

3. Rangú creidiúnaithe

17. Déantar rangú dliteanas incháilithe san ordlathas creidiúnaithe a chuimsiú i dteimpléid M 05.00 agus M 06.00. Déantar an dá theimpléad a thuairisciú ar leibhéal an eintitis aonair i gcónaí.
18. I gcás na n-eintiteas nach eintitis réitigh iad féin, déanfar an méid is inchurtha i leith gach ranga a mhiondealú a thuilleadh i méideanna atá dlite don eintiteas réitigh agus i méideanna eile nach bhfuil dlite don eintiteas réitigh, i gcás inarb infheidhme.
19. Léirítear an rangú in ord na sinsearachta; na cinn is sóisearaí ar dtús. Cuirfear rónna isteach le haghaidh ranganna go dtí go dtuairisceofar an ionstraim incháilithe is sinsearaí agus na dliteanais uile a rangáítear *pari passu* léi.

3.1. M 05.00 – Rangú creidiúnaithe (eintiteas nach eintiteas réitigh é)

3.1.1. Barúlacha ginearálta

20. Na heintitis atá faoi réir na hoibleagáide an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, tuairisceoidh siad na nithe seo a leanas sa teimpléad seo:
 - (a) ítimí ghnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (b) ítimí chaipiteal breise leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (c) ionstraimí Leibhéal 2 agus an scairbhiseach gaolmhar, dá dtagraítear in Airteagal 62, pointe (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, lena n-áirítear an chuid amúchta den ionstraim nach n-aithnítear chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 92 nó 92b den Rialachán sin (AE) nó Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh; agus
 - (d) ionstraimí dliteanas atá incháilithe chun an ICDI inmheánach a chomhlíonadh;
 - (e) dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu;
 - (f) dliteanais atá eisiata ó tharrtháil inmheánach; beidh na dliteanais sin ar áireamh a mhéid a rangaítear *pari passu* iad le haon ionstraim a áirítear i méid na ndliteanas incháilithe chun críoch ICDI inmheánach nó a mhéid a rangaítear *pari passu* iad níos sóisearaí ná aon ionstraim den sórt sin.
21. Méideanna na n-ionstraimí a cháilíonn chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 92 nó 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha is infheidhme, déanfar iad a mheas freisin i raon feidhme na n-ionstraimí agus na n-ítimí a liostaítear i mír 20.
22. Is éard a bheidh i méideanna na n-ionstraimí dá dtagraítear i mír 20, pointí (a), (b) agus (c), an méid tar éis sealúchais ionstraimí dílse dá dtagraítear in Airteagal 36(1), pointe (f), Airteagal 56, pointe (a), agus Airteagal 66, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a asbhaint.
23. Is éard a bheidh i méideanna na n-ionstraimí dá dtagraítear i mír 20, pointí (a) go (d), an méid sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh.
24. Na heintitis nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, ach atá faoi réir na hoibleagáide an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45f den Treoir sin, tuairisceoidh siad sa teimpléad seo na hionstraimí agus an ítim a shonraítear i mír 20 den Roinn seo, cé is moite de na dliteanais a eisiatar ón tarrtháil inmheánach dá dtagraítear i bpointe (f) den mhír sin.

25. De mhaolú ar mhír 24, féadfaidh na heintitis sin a chinneadh an raon feidhme céanna maidir le cistí dílse agus dliteanais a shonraítear i mír 20 a thuairisciú.

26. Na heintitis a bhfuil méideanna cistí dílse agus dliteanas incháilithe ina seilbh acu, ar dháta tuairiscithe na faisnéise sin, arb ionann iad agus ar a laghad 150 % den cheanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE, beidh díolúine acu ó fhaisnéis a thuairisciú ar dhliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu. Féadfaidh na heintitis sin a chinneadh faisnéis maidir le dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a thuairisciú sa teimpléad seo ar bhonn deonach.

27. Is aitheantóir ró é comhdhéanamh cholúin 0010 agus 0020, agus beidh sé uathúil i ndáil leis na rónna uile sa teimpléad.

3.1.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><u>Rang dócmhainneachta</u></p> <p>Tuairisceofar uimhir an ranga dócmhainneachta in ordlathas creidiúnaithe an eintitis tuairiscithe, an rang is sóisearaí ar dtús.</p> <p>Beidh an rang dócmhainneachta ar cheann de na ranganna a áirítear sna ranguithe dócmhainneachta a fhoilseoidh údarás réitigh na dlínse sin.</p>
0020	<p><u>Cineál creidiúnaí</u></p> <p>Ceann díobh seo a leanas a bheidh sa chineál creidiúnaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> - ‘Eintiteas réitigh’ Roghnófar an iontráil seo chun na méideanna atá faoi úinéireacht an eintitis réitigh, go díreach nó go hindíreach, trí eintitis feadh shlabhra na húinéireachta a thuairisciú, i gcás inarb infheidhme. - ‘Eintitis seachas an t-eintiteas réitigh’ Roghnófar an iontráil seo chun na méideanna atá faoi úinéireacht creidiúnaithe eile a thuairisciú, i gcás inarb infheidhme.
0030	<p><u>Tuairisc ar rang dócmhainneachta</u></p> <p>An tuairisc a áirítear sna ranguithe dócmhainneachta arna bhfoilsíú ag údarás réitigh na dlínse sin, i gcás ina bhfuil liosta caighdeánaithe lena n-áirítear tuairisc den chineál sin ar fáil. Murach sin, tuairisc dhílis ar an rang dócmhainneachta ag an institiúid, ina luafar ar a laghad an príomhchineál ionstraime sa rang dócmhainneachta lena mbaineann.</p>
0040	<p><u>Dlíteanais agus cistí dílse</u></p> <p>Tuairisceofar méid na gcistí dílse, na ndlíteanas incháilithe agus, i gcás inarb infheidhme, na ndlíteanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu agus a leithdháiltear ar an rang dócmhainneachta a shonraítear i gcolún 0010.</p>

	<p>I gcás inarb infheidhme, áireofar sa cholún seo freisin dliteanais a eisiatar ón tarrtháil inmheánach a mhéid a rangáítear iad níos ísle ná cistí dílse agus dliteanais incháilithe nó a mhéid a rangáítear iad <i>pari passu</i> leo.</p> <p>I gcás eintiteas dá dtagraítear i mír 24, fágfar an colún seo folamh, ach amháin má chinneann na heintitis sin an maolú ar mhír 25 a chur i bhfeidhm.</p>
0050	<p><u>Ina measc: dliteanais eisiata</u></p> <p>Méid na ndliteanas a eisiatar i gcomhréir le hAirteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó le hAirteagal 44(2) de Threoir 2014/59/AE. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás réitigh dliteanais a eisiadh i gcomhréir le hAirteagal 44(3) den Treoir sin, déanfar na dliteanais eisiata sin a thuairisciú sa cholún seo freisin.</p> <p>I gcás eintiteas dá dtagraítear i mír 24, fágfar an colún seo folamh, ach amháin má chinneann na heintitis sin an maolú ar mhír 25 a chur i bhfeidhm.</p>
0060	<p><u>Dliteanais agus cistí dílse lúide dliteanais eisiata</u></p> <p>I gcás ina líonfaidh eintitis colún 0040 isteach, tuairisceofar méid na ndliteanas agus na gcistí dílse, mar a thuairiscítear i gcolún 0040, méid arna laghdú de réir mhéid na ndliteanas eisiata a thuairiscítear i gcolún 0050.</p> <p>I gcás nach líonann eintitis colún 0040 isteach, tuairisceoidh siad sa cholún seo cistí dílse agus dliteanais atá incháilithe chun críoch ICDI inmheánach. Tuairisceofar dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu sa cholún seo faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear i mír 26.</p>
0070	<p><u>ina measc: cistí dílse agus dliteanais incháilithe chun críoch ICDI inmheánach</u></p> <p>Tuairisceofar méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirtear san áireamh le haghaidh ICDI inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE.</p>
0080 – 0110	<p><u>ina measc: ina bhfuil aibíocht iarmhair</u></p> <p>Méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirtear san áireamh le haghaidh ICDI inmheánach, mar a thuairiscítear i gcolún 0070, déanfar iad a mhiondealú de réir aibíocht iarmhair na n-ionstraimí éagsúla agus na n-ítimí éagsúla. Ní dhéanfar ionstraimí agus ítimí de chineál suthain a mheas sa mhiondealú sin, ach tuairisceofar iad ar leithligh i gcolún 0120.</p>
0080	<u>≥ 1 bhliain < 2 bhliain</u>
0090	<u>≥ 2 bhliain < 5 bliana</u>
0100	<u>≥ 5 bliana < 10 mbliana</u>
0110	<u>≥ 10 mbliana</u>
0120	<p><u>Ina measc: urrúis shuthaine</u></p> <p>Urrúis shuthaine agus gach ítim Ghnáthchothromas Leibhéal 1, chomh maith leis an scairbhiseach ar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus ionstraimí Leibhéal 2 a áirítear i raon feidhme an teimpléid seo, leithdháilfear iad ar an gcolún seo.</p>

3.2. M 06.00 – Rangú creidiúnaithe (eintiteas réitigh) (RANG)

3.2.1. Barúlacha ginearálta

28. Na heintitis atá faoi réir na hoibleagáide an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, tuairisceoidh siad na nithe seo a leanas sa teimpléad seo:
- (a) ítimí ghnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (b) ítimí chaipiteal breise leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (c) ionstraimí Leibhéal 2 agus an scairbhiseach gaolmhar, dá dtagraítear in Airteagal 62, pointe (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, lena n-áirítear an chuid amúchta den ionstraim nach n-aithnítear chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 92 nó 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh;
 - (d) ionstraimí dliteanas atá incháilithe chun ICDI a chomhlíonadh;
 - (e) dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu,
 - (f) dliteanais atá eisiata ó tharrtháil inmheánach; beidh na dliteanais sin ar áireamh a mhéid a rangáítear *pari passu* iad le haon ionstraim a áirítear i méid na ndliteanas incháilithe chun críoch ICDI nó a mhéid a rangáítear *pari passu* iad níos sóisearaí ná aon ionstraim den sórt sin.
29. Méideanna na n-ionstraimí a cháilíonn chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 92 nó 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha is infheidhme, déanfar iad a mheas freisin i raon feidhme na n-ionstraimí agus na n-ítimí a liostaítear i mír 28.
30. Na heintitis nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, ach atá faoi réir na hoibleagáide an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45e den Treoir sin, tuairisceoidh siad sa teimpléad seo na hionstraimí agus na hítimí a shonraítear i mír 28 den Roinn seo, cé is moite de na dliteanais a eisiatar ón tarrtháil inmheánach dá dtagraítear i bpointe (f) den mhír sin.
31. De mhaolú ar mhír 30, féadfaidh na heintitis sin a chinneadh an raon feidhme céanna maidir le cistí dílse agus dliteanais a shonraítear i mír 28 a thuairisciú.
32. Is éard a bheidh i méideanna na n-ionstraimí dá dtagraítear i mír 28, pointí (a), (b) agus (c), an méid tar éis sealúchais ionstraimí dílse dá dtagraítear in Airteagal 36(1), pointe (f), Airteagal 56, pointe (a), agus Airteagal 66, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a asbhaint.

33. Is éard a bheidh i méideanna na n-ionstraimí dá dtagraítear i mír 28, pointí (a) go (d), an méid sula n-asbhainfear méideanna réamhcheada nár úsáideadh.

34. Na heintitis a bhfuil méideanna cistí dílse agus dliteanas incháilithe ina seilbh acu, ar dháta tuairiscithe na faisnéise sin, arb ionann iad agus ar a laghad 150 % den cheanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE, beidh díolúine acu ó fhaisnéis a thuairisciú ar dhliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu. Féadfaidh na heintitis sin a chinneadh faisnéis maidir le dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a thuairisciú sa teimpléad seo ar bhonn deonach.

3.2.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><u>Rang dócmhainneachta</u></p> <p>Féach treoracha ar cholún 0010 de theimpléad M 05.00</p> <p>Is aitheantóir ró é an colún seo, beidh sé uathúil i ndáil leis na rónna uile sa teimpléad.</p>
0020	<p><u>Tuairisc ar rang dócmhainneachta</u></p> <p>Féach treoracha ar cholún 0030 de theimpléad M 05.00</p>
0030	<p><u>Dlíteanais agus cistí dílse</u></p> <p>Tuairisceofar méid na gcistí dílse, na ndlíteanas incháilithe agus, i gcás inarb infheidhme, na ndlíteanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu agus a leithdháiltear ar an rang dócmhainneachta a shonraítear i gcolún 0010.</p> <p>I gcás inarb infheidhme, áireofar sa cholún seo freisin dlíteanais a eisiatar ón tarrtháil inmheánach a mhéid a rangáítear iad níos ísle ná dlíteanais incháilithe nó a mhéid a rangáítear iad <i>pari passu</i> leo.</p> <p>I gcás eintiteas dá dtagraítear i mír 30, fágfar an colún seo folamh, ach amháin má chinneann na heintitis sin an maolú ar mhír 31 a chur i bhfeidhm.</p>
0040	<p><u>Ina measc: dlíteanais eisiata</u></p> <p>Méid na ndlíteanas a eisiatar de bhun Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó de bhun Airteagal 44(2) de Threoir 2014/59/AE.</p> <p>I gcás eintiteas dá dtagraítear i mír 30, fágfar an colún seo folamh, ach amháin má chinneann na heintitis sin an maolú ar mhír 31 a chur i bhfeidhm.</p>
0050	<p><u>Dlíteanais agus cistí dílse lúide dlíteanais eisiata</u></p> <p>I gcás ina líonfaidh eintitis colún 0030 isteach, tuairisceofar méid na ndlíteanas agus na gcistí dílse, mar a thuairiscítear i gcolún 0030, méid arna laghdú de réir mhéid na ndlíteanas eisiata a thuairiscítear i gcolún 0040.</p> <p>I gcás nach líonann eintitis colún 0030 isteach, tuairisceoidh siad sa cholún seo cistí dílse agus dlíteanais atá incháilithe chun críoch ICDI. Tuairisceofar dlíteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu sa cholún seo faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear i mír 34.</p>

0060	<p><u>ina measc: cistí dílse agus dliteanais a d'fhéadfadh a bheith incháilithe chun ICDI a chomhlíonadh</u></p> <p>Méid na gcistí dílse agus na ndliteanas is incháilithe chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45e den Treoir sin.</p>
0070 – 0100	<p><u>ina measc: ina bhfuil aibíocht iarmhair</u></p> <p>Méid na gcistí dílse agus na ndliteanas is incháilithe chun an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45e den Treoir sin, mar a thuairiscítear i gcolún 0060, déanfar iad a mhiondealú de réir aibíocht iarmhair na n-ionstraimí éagsúla agus na n-ítimí éagsúla. Ní dhéanfar ionstraimí agus ítimí de chineál suthain a mheas sa mhiondealú sin, ach tuairisceofar iad ar leithligh i gcolún 0110.</p>
0070	<u>≥ 1 bhliain < 2 bhliain</u>
0080	<u>≥ 2 bhliain < 5 bliana</u>
0090	<u>≥ 5 bliana < 10 mbliana</u>
0100	<u>≥ 10 mbliana</u>
0110	<p><u>Ina measc: urrúis shuthaine</u></p> <p>Urrúis shuthaine agus gach ítim Ghnáthchothromas Leibhéal 1, chomh maith leis an scairbhiseach ar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus ionstraimí Leibhéal 2 a áirítear i raon feidhme an teimpléid seo, leithdháilfear iad ar an gcolún seo.</p>

4. M 07.00 – Ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír (MTCI)

4.1. Barúlacha ginearálta

35. Soláthraítear i dteimpléad M 07.00 miondealú ar bhonn gach conartha aonair ar ionstraimí a cháilíonn mar chistí dílse agus dliteanais incháilithe chun críoch ICDI. Ní thuairisceofar sa teimpléad ach ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír.
36. I ndáil le dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata, ní thuairisceoidh eintitis ach urrúis ar ionstraimí airgeadais soshanta idirmhalartacha iad, cé is moite d'iasachtaí ná taiscí a áireamh.
37. I gcás ionstraimí a cháilíonn go páirteach do dhá aicme éagsúla cistí dílse nó dliteanas incháilithe, tuairisceofar an ionstraim dhá uair chun na méideanna a leithdháiltear ar leithligh ar na haicmí caipitil éagsúla a léiriú.
38. Is aitheantóir ró é comhdhéanamh cholúin 0020 (Cód an eintitis eisiúna), 0040 (Aitheantóir conartha) agus 0070 (Cineál na gcistí dílse nó na ndliteanas incháilithe), nach mór a bheith uathúil i gcás gach ró a thuairiscítear sa teimpléad.

4.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010 - 0030	<u>Eintiteas eisiúna</u> I gcás ina dtuairisceofar an fhaisnéis faoi thagairt do ghrúpa réitigh, sonrófar eintiteas an ghrúpa a d'eisigh an ionstraim lena mbaineann. I gcás ina dtuairisceofar an fhaisnéis, agus tagairt á déanamh d'eintiteas réitigh aonair, is é an t-eintiteas eisiúna an t-eintiteas tuairiscithe féin.
0010	<u>Ainm</u> Ainm an eintitis a d'eisigh an ionstraim cistí dílse nó an ionstraim dliteanais incháilithe
0020	<u>Cód</u> Ainm an eintitis a d'eisigh an ionstraim cistí dílse nó an ionstraim dliteanais incháilithe. Ní mór an cód atá ina chuid d'aitheantóir ró a bheith uathúil i gcás gach eintitis tuairiscithe. I gcás institiúidí, is é an cód LEI (aitheantóir eintitis dhlítheanaigh) a bheidh sa chód. I gcás eintiteas eile, is é an cód LEI a bheidh sa chód, nó mura bhfuil sé sin ar fáil, úsáidfear cód náisiúnta. Beidh an cód uathúil agus úsáidfear é go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad agus le himeacht ama. Beidh luach ag an gcód i gcónaí.
0030	<u>Cineál cóid</u> Sainaithneoidh na hinstiúidí an cineál cóid a thuairisceofar i gcolún 0020 mar 'Chód LEI' nó 'Cód neamh-LEI'. Tuairisceofar an cineál cóid i gcónaí.
0040	<u>Aitheantóir conartha</u> Tuairisceofar aitheantóir conartha na hionstraime, amhail aitheantóir CUSIP, ISIN nó Bloomberg le haghaidh láithriú príobháideach. Cuid den aitheantóir ró is ea an ítim seo.
0050	<u>An dlí rialaithe (tríú tír)</u> Sonrófar an tríú tír (tíortha seachas tíortha LEE) a rialaíonn a dlí an conradh, nó codanna den chonradh.
0060	<u>Aitheantas conarthach cumhachtaí díluachála agus comhshó</u> Cuirfear in iúl cé acu atá nó nach bhfuil sa chonradh na téarmaí conarthacha dá dtagraítear in Airteagal 55(1) de Threoir 2014/59/AE, in Airteagal 52(1), pointí (p) agus (q), agus in Airteagal 63, pointí (n) agus (o), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0070 - 0080	<u>Cóir rialála</u>
0070	<u>Cineál cistí dílse nó cineál dliteanas incháilithe</u> An cineál cistí dílse nó an cineál dliteanas incháilithe, faoi mar a cháilíonn an ionstraim ar an dáta tagartha. Cuirfear san áireamh forálacha idirthréimhseacha maidir le hincháilitheacht ionstraimí. Tuairisceofar

	<p>ionstraimí a cháilíonn d'ilaicmí caipitil uair amháin in aghaidh na haicme caipitil is infheidhme.</p> <p>Ceann de na nithe seo a leanas a bheidh sa chineál cistí dílse nó sa chineál dliteanas incháilithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 - Caipiteal Breise Leibhéal 1 - Leibhéal 2 - Dliteanais incháilithe
0080	<p><u>Cineál ionstraime</u></p> <p>Braitheann an cineál ionstraime atá le sonrú ar an dlí rialaithe faoina n-eisítear í.</p> <p>I gcás ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, roghnófar an cineál ionstraime ó liosta ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 a fhoilseoidh ÚBE de bhun Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>I gcás cistí dílse seachas caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1, agus dliteanais incháilithe, roghnófar an cineál ionstraime ó liosta d'ionstraimí comhfhreagracha a fhoilseoidh ÚBE, údaráis inniúla nó údaráis réitigh, i gcás ina mbeidh liosta den sórt sin ar fáil. I gcás nach bhfuil aon liosta ar fáil, is é an t-eintiteas tuairiscithe féin a shonróidh cineál na n-ionstraimí.</p>
0090	<p><u>Méid</u></p> <p>Tuairisceofar an méid a aithnítear i gcistí dílse nó i ndliteanais incháilithe agus an leibhéal dá dtagraíonn an tuarascáil á chur san áireamh, i gcás ionstraimí a áirítear ar leibhéil iolracha. Is é a bheidh sa mhéid sin an méid is ábhartha ar an dáta tagartha, agus éifeacht forálacha idirthréimhseacha á cur san áireamh.</p>
0100 – 0110	<p><u>Rang i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta</u></p> <p>Sonrófar rangú na hionstraime i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta.</p> <p>Is éard a bheidh ann cód dhá litir ISO na tíre ar lena dlí a rialaítear rangú an chonartha (colún 0100), arb é dlí Ballstáit a bheidh ann, agus uimhir an ranga dócmhainneachta ábhartha (colún 0110).</p> <p>Cinnfear an rang dócmhainneachta ábhartha i bhfianaise na ranguithe dócmhainneachta arna bhfoilsiú ag údaráis réitigh nó ag údaráis eile, i gcás ina bhfuil liosta caighdeánaithe den sórt sin ar fáil.</p>
0120	<p><u>Aibíocht</u></p> <p>Tuairisceofar aibíocht na hionstraime san fhormáid seo a leanas: ll/mm/bbbb. I gcás ionstraimí suthaine, fágfar an chill folamh.</p>
0130	<p><u>Dáta na Céadrogha</u></p> <p>I gcás ina bhfuil céadrogha ar cheannach ag an eistitheoir, tuairisceofar an chéad dáta ar a bhféadfar an chéadrogha ar cheannach a fheidhmiú.</p> <p>Má bhí dáta na céadrogha ann roimh an dáta tagartha, tuairisceofar an dáta sin má tá an chéadrogha ar cheannach fós infheidhmithe. Mura mbeidh sé</p>

	<p>infheidhmithe a thuilleadh, tuairisceofar an chéad dáta eile ar a bhfeidhmeofar an chéadrogha ar cheannach.</p> <p>I gcás céadroghanna ar cheannach eistheora a bhfuil dáta feidhmithe neamhshonraithe acu nó céadroghanna ar cheannach arna spreagadh de bharr teagmhas sonrach, tuairisceofar dáta na chéadrogha a mheasfar ar bhonn coimeádach is dócha a bheidh ann.</p> <p>Ní dhéanfar céadroghanna ar cheannach rialála ná cánach a mheas chun críocha an cholúin seo.</p>
0140	<p><u>An céadrogha ar cheannach rialála é? (Is ea./Ní hea.)</u></p> <p>Tabharfar le fios cé acu atá nó nach bhfuil céadrogha ar cheannach ag an eistheoir a bheidh infheidhmithe nuair a tharlaíonn teagmhas rialála a dhéanann difear d'incháilitheacht an chonartha do ICDI.</p>